Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2164(INI)

10.09.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2025
(2025/2164(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: David McAllister

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 9

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2025

(2025/2164(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 14, 16, 21, 24, 36 agus 41 de,

– ag féachaint do thuarascáil ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Meitheamh 2024 dar teideal *'Common Foreign and Security Policy Report – Our priorities in 2025'* [Tuarascáil maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála – Ár dtosaíochtaí in 2025],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí go n-áirítear ar phríomhchuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) an Aontais an tsíocháin a chaomhnú, an tslándáil idirnáisiúnta a neartú agus comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus an daonlathas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine a chothú;

B. de bhrí go léiríonn cumhachtaí stairiúla agus cumhachtaí atá ag teacht chun cinn iompraíochtaí casta, ó dhlúthchomhar go coimhlint earnála; de bhrí, sa timpeallacht gheopholaitiúil reatha, nach bhfuil mórán rogha ag an Aontas, i gcásanna áirithe, ach comhaontuithe bunaithe ar idirbhearta a roghnú;

.

1. ag cur béim freisin ar na hábhair imní a ardaíodh sa tuarascáil ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus á chur in iúl gur cúis mhór imní di luas tapa an athraithe geopholaitiúil atá á spreagadh ag brúnna míleata, polaitiúla agus eacnamaíocha teanntásacha cumhachtaí forlámhacha; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an córas idirnáisiúnta níos ilpholaí agus go bhfuil an iltaobhacht ag laghdú, go bhfuil iomaíocht ag teacht in ionad comhair agus trádála, agus go bhfuiltear ag déanamh uirlis troda níos mó ná riamh de na sreafaí infheistíochta, faisnéise agus imirce; á thabhairt rabhaidh go mbíonn bagairt ar ár leasanna straitéiseacha, ar ár slándáil, ar ár rathúnas agus ar ár n-aontacht mar gheall ar ilroinnt den sórt sin, agus go n-éilíonn sé sin go n-úsáidfear ár gcomhpháirtíochtaí agus ár gcomhghuaillíochtaí réigiúnacha agus domhanda;

2. ag iarraidh, sa chomhthéacs seo, ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí CBES réamhbhreathnaitheach a fhorbairt a shaothraíonn na cuspóirí a leagtar amach sna míreanna seo a leanas;

Ag múnlú an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosnaímid

3. á mheabhrú go gcosnaíonn an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe ceannasacht agus sláine stáit, go gcumasaítear leis réiteach díospóidí síochánta agus go n-áirithíonn sé go bhfuil an chumhacht faoi réir an dlí seachas an fhórsa; á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe faoi bhrú gan fasach ó chreimeadh inmheánach agus ó ionsaí seachtrach; á thabhairt rabhaidh go mbíonn éagobhsaíocht agus coimhlintí ar fud an domhain ann mar thoradh ar a scriosadh, rud a lagaíonn ár slándáil agus ár rathúnas féin;

4. á chur i bhfios go láidir gur ionsaí gan fasach ar ord síochána na hEorpa ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann é cogadh foghach neamhdhleathach agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á mheabhrú nach mór d'fhogha na Rúise teip agus ar an gcaoi sin a léiriú nach bhfuil an fórsa i réim ar an dlí, agus daoine eile a dhíspreagadh ó iarracht a dhéanamh dúshlán a thabhairt do theorainneacha trí mhodhanna míleata; ag éileamh, dá bhrí sin, sos cogaidh láithreach agus neamhchoinníollach, tarraingt siar na Rúise ón Úcráin agus filleadh na leanaí uile a fuadaigh an Rúis go neamhdhleathach;

5. á chur i bhfáth nach mór ráthaíochtaí slándála láidre don Úcráin a bheith san áireamh in aon chomhaontú síochána, go ndéanfadh ceannaireacht thofa na hÚcráine caibidlíocht air agus go mbeadh tacaíocht mhuintir na hÚcráine aige; ag tabhairt rabhaidh i gcoinne mholtaí mí-ionraice na Rúise atá dírithe ar an gcogadh a fhadú, agus á thabhairt rabhaidh go ndéanfadh aon socrú a fhorchuirfeadh an Rúis nó a ndéanfadh a fogha a chúiteamh slándáil na hEorpa a chur i mbaol mór;

6. ag tathant ar an gCoimisiún tacú go gníomhach le sásraí ceartais idirnáisiúnta agus cuntasacht a áirithiú i gcás coireanna cogaidh agus coireanna fogha; ag tathant ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh a úsáideann sócmhainní eachtracha blocáilte na Rúise le haghaidh atógáil na hÚcráine;

7. ag cur béim ar an bhfíoras go ndéanann fogha na Rúise Comharsanacht an Oirthir san Aontas a dhíchobhsú agus go spreagann sé éifeachtaí seach-iarmharta sna Balcáin Thiar;

8. á athdhearbhú gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit uile sampla maith a thabhairt maidir le ceannasacht agus an dlí idirnáisiúnta a chaomhnú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil a inchreidteacht agus a chumas a shaoránaigh agus a leasanna ríthábhachtacha a chosaint ag brath ar a thiomantas dá phrionsabail bhunaidh, amhail an daonlathas, an smacht reachta agus dínit an duine;

9. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di staid reatha na norm daonnúil agus an neamhaird a dhéantar ar chosaint sibhialtach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhthéacs na gcoinbhleachtaí fada ar fud an Mheánoirthir; ag athdhearbhú tiomantas an Aontais do bheithsine agus do shlándáil Stát Iosrael agus ag cur i bhfios go láidir a cheart chun é féin a chosaint agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán; á thathant go saothrófaí próiseas polaitiúil inchreidte atá dírithe ar réiteach dhá stát a bhaint amach bunaithe ar theorainneacha 1967 agus Iarúsailéim mar phríomhchathair chomhroinnte;

10. ag dearbhú ról lárnach na n-eagraíochtaí iltaobhacha agus fóraim réigiúnacha mar ardáin fhíor-riachtanacha le haghaidh réiteach coinbhleachta agus rialachas domhanda; á thabhairt rabhaidh go bhfuil baol ann go ndéanfaidh formáidí 'miontaobhacha' noirm dhomhanda a ilroinnt níos mó agus níos mó, agus go n-éilíonn siad ar an Aontas coincheap leathan agus cuimsitheach ar an iltaobhachas a chothromú i ndlúthchomhar

lena chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí tionscnaimh iltaobhacha a chur chun cinn, atá fréamhaithe go daingean i rialacha domhanda, chun slándáil agus rathúnas na hEorpa a áirithiú;

11. ag iarraidh ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí insint dhaonlathach éifeachtach agus láidir a chur chun cinn chun dul i ngleic le brú uathrialach, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit; ag spreagadh infheistíocht níos mó i gcumarsáid straitéiseach agus sa chomhrac i gcoinne cur isteach eachtrach agus ionramháil ar fhaisnéis;

12. ag spreagadh athbhreithnithe straitéiseacha bliantúla ar bhagairtí ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, arna gcomhordú ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ina dhiaidh sin bearta gníomhacha chun cosc a chur ar chreimeadh breise ar noirm iltaobhacha;

Ag cothú comhoibrithe bunaithe ar ár leasanna comhroinnte

13. á athdhearbhú go n-éilíonn gníomhaíocht sheachtrach an Aontais rannpháirtíocht inchreidte luachbhunaithe; á áitiú, áfach, nach leor a bheith ag brath ar chumhacht normatach amháin; ag spreagadh saothrú níos teanntásaí ar chuspóirí straitéiseacha an Aontais, agus comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí bunaithe ar leasanna comhroinnte á ngiaráil ag an am céanna;

14. ag moladh don Leas-Uachtarán / Ardionadaí beartais shaincheaptha a fhreastalaíonn ar ionchais na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, agus comhaontuithe polaitiúla a bhaint amach go pras, rud a bhunóidh an tAontas mar chrann taca straitéiseach iontaofa;

15. á chur i bhfáth go bhfuil comhpháirtíocht thrasatlantach láidir leis na Stáit Aontaithe agus Ceanada laistigh de ECAT fós fíor-riachtanach agus go bhfuil sé i gcroílár ollstruchtúr slándála na hEorpa; á mheabhrú, le bheith ina chomhpháirtí láidir trasatlantach, nach mór don Aontas féin a bheith níos láidre agus níos cumasaí, go háirithe maidir lena chosaint agus a shlándáil féin; á aithint go leanann Stáit Aontaithe Mheiriceá cur chuige níos idirbheartaíochta anois maidir le hiltaobhachas agus slándáil Eorpach; ag cur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs seo, an gá práinneach atá ann don Aontas agus dá Bhallstáit uathriail straitéiseach a shaothrú agus infheistíocht a dhéanamh i gcumais chosanta inchreidte agus leordhóthanacha; á chur in iúl gur geal léi an comhar níos doimhne le Ceanada agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn chun luachanna daonlathacha comhroinnte agus cobhsaíocht dhomhanda a chosaint;

16. ag moladh an chomhpháirtíocht láidir agus chuiditheach leis an Ríocht Aontaithe; á chur in iúl gur geal léi an ráiteas comhpháirteach ó cheannairí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh an 19 Bealtaine 2025 i ndiaidh an Chruinnithe Mullaigh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas, ina leagtar amach idirphlé struchtúrtha ar bheartas eachtrach agus slándála; á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go tapa é;

17. ag moladh an dlúthchaidrimh le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus a gcomhar láidir maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

18. ag cur béim ar thábhacht straitéiseach na mBalcán Thiar agus ag tacú le comhar polaitiúil agus slándála inchreidte ar a gconair bunaithe ar fhiúntas i dtreo lánpháirtiú san Aontas; á chur i bhfáth go bhfuil todhchaí na mBalcán Thiar, na hÚcráine agus na Moldóive laistigh den Aontas;

19. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról straitéiseach na Tuirce mar bhall de ECAT agus a comhar leis an Aontas lárnach do chobhsaíocht agus slándáil na hEorpa; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di cúlú daonlathach sa Tuirc; á thathant go scaoilfí saor láithreach ceannaire an fhreasúra Ekrem İmamoğlu;

20. ag cur béim ar thábhacht straitéiseach an Chugais Theas; ag cáineadh claontaí údarásacha Rialtas na Seoirsia; ag iarraidh ar an tSeoirsia filleadh ar an gconair i dtreo an Aontais; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis an gcomhaontú síochána idir an Airméin agus an Asarbaiseáin ó mhí Lúnasa 2025;

21. ag cur i bhfáth an gá práinneach atá ann láithreacht pholaitiúil agus eacnamaíoch an Aontais i Lár na hÁise a mhéadú;

22. ag cur béim ar an ngá atá le comhar an Aontais le tíortha na Murascaille a neartú agus a dhoimhniú maidir le himirce, claochlú digiteach, slándáil agus an t-aistriú glas;

23. á athdhearbhú go bhfuil réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach atá síochánta, cobhsaí agus riailbhunaithe ina leas Eorpach ríthábhachtach; á mholadh go ndéanfaí naisc níos dlúithe CBES a chruthú le comhpháirtithe atá ar aon intinn, go háirithe an Astráil, an Nua-Shéalainn, an Chóiré Theas agus an tSeapáin;

24. á mheas gur dúshlán geopolaitiúil lárnach den 21ú haois é míleatú méadaitheach na Síne, mar aon lena comhpháirtíochtaí míleata agus polaitiúla leis an Rúis agus leis an gCóiré Thuaidh; á chur i bhfios go láidir nach mór don Aontas straitéis iltoiseach a ghlacadh a chomhcheanglaíonn taidhleoireacht ar bhonn prionsabail atá dírithe ar an dlí idirnáisiúnta a chaomhnú le rannpháirtíocht eacnamaíoch a chosnaíonn ár leasanna;

25. á thabhairt dá haire gur neartaigh dúshláin gheopholaitiúla leasanna comhroinnte an Aontais agus na hIndia; á chur in iúl go dtacaíonn sí le cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an India chun clár oibre straitéiseach nua a sheoladh;

26. ag tathant ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí agus ar na Ballstáit díriú ar chomhpháirtíochtaí déthaobhacha níos láidre a fhorbairt le tíortha Afracacha atá ar aon intinn, bunaithe ar an bprionsabal ‘tuilleann breis tuilleadh’, agus luachanna uilíocha chearta an duine agus an daonlathais á n-urramú ag an am céanna; á chur in iúl gur oth léi an cúlú daonlathach i roinnt tíortha san Afraic;

27. ag cur béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht an Aontais le tíortha atá ar aon intinn i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib a dhoimhniú;

28. ag cur i bhfios go láidir an tábhacht gheostraitéiseach mhéadaithe atá ag an Artach agus ag athdhearbhú an gá atá le beartas AE comhtháite agus cothrom le dáta maidir leis an Artach;

29. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS rannpháirtíocht struchtúrtha le heagraíochtaí réigiúnacha a dhianú – lena n-áirítear Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, an tAontas Afracach, Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh, agus Comhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille – chun ollstruchtúir slándála réigiúnacha chuimsitheacha a fhorbairt agus freagairtí beartais iltaobhacha a chomhordú;

Seasaimh dhoshannta a mheasaimid mar sheasaimh dhosháraithe a bhunú

30. á athdhearbhú go bhfuil gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ceangailte go neamh-inchúlghairthe leis na luachanna agus na prionsabail a chumhdaítear in Airteagail 2, 3(5) agus 21 CAE;

31. á mheabhrú go mbraitheann inchreidteacht an Aontais ar a chumas gníomhú go cinntitheach agus a shaoránaigh á gcosaint aige agus a chuid leasanna á gcoimirciú aige; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart an tairseach le haghaidh gníomhaíochta cinntithí a chur in iúl go comhsheasmhach agus nach mór freagairtí neamh-dhébhríocha ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a bheith san áireamh ann; á chur in iúl go dtacaíonn sí le córas smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine amhail an córas a luaitear i nDlí Magnitsky a leathnú chun go gcumhdófar cos ar bolg sistéamach agus éilliú;

32. ag spreagadh comhordú níos doimhne le G7 agus le comhpháirtithe daonlathacha eile chun freagairtí ar sháruithe ar noirm dhomhanda a ailíniú;

33. á thathant go dtabharfaí aird níos mó ar ghéarleanúint mionlach reiligiúnach, lena n-áirítear Críostaithe; á iarraidh go ndéanfaí cosaint na saoirse reiligiúnaí a chomhtháthú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

34. ag iarraidh ar SEGS agus ar an gCoimisiún tagarmharcanna a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thionchar smachtbhannaí an Aontais agus Parlaimint na hEorpa a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ina leith seo;

Tionchar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a sholáthraímid a mhéadú

35. á chur in iúl gur oth léi gur minic nach mbíonn infheictheacht dhomhanda agus tionchar polaitiúil an Aontais ar aon chéim lena lorg airgeadais agus taidhleoireachta;

36. ag iarraidh ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí straitéis cumarsáide comhtháite, straitéiseach a mholadh a leagann béim ar shochair ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus atá mar bhonn taca faoi chuspóirí an Aontais; ag spreagadh SEGS chun láithreacht pholaitiúil an Aontais a neartú inár dtíortha comhpháirtíochta agus chun ár ngníomhaíocht sheachtrach a dhéanamh níos inrochtana do lucht éisteachta sna tíortha sin;

37. á iarraidh go mbeadh cóineasú feabhsaithe ann idir seirbhísí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát chun sineirgí idir brandáil náisiúnta agus teachtaireachtaí ón Aontas a fheabhsú, i gcomhréir le cur chuige ‘Foireann na hEorpa’;

38. á chur i bhfios go láidir gur bac mór iad srianta buiséadacha ar infheictheacht agus tionchar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhéadú; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS fíorchleachtas tosaíochta a dhéanamh chun a shainaithint cá háit ar féidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais an toradh polaitiúil agus straitéiseach is mó a thabhairt;

39. ag tabhairt chun suntais acmhainneacht straitéiseach thionscnamh Global Gateway chun láithreacht agus infheictheacht an Aontais a mhéadú ar fud an domhain; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tosaíocht tugtha ag an gCoimisiún do chur chun feidhme a chuid tionscadal;

40. á mheabhrú go bhfuil ról ar leith le himirt ag Parlaimint na hEorpa maidir le infheictheacht agus tionchar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a chomhlánú, agus ar an gcaoi sin iarrachtaí sheirbhísí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát a chomhlánú;

41. á mheabhrú go bhfuil dlúthbhaint idir feidhmiú a feidhme buiséadaí ag Parlaimint na hEorpa agus an fheidhm atá aici maidir le grinnscrúdú agus comhairliúchán daonlathach;

42. á chreidiúint go bhfuil gá le formhaoirseacht pharlaiminteach níos láidre ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear rochtain rialta ar fhaisnéis rúnda agus idirphlé struchtúrtha;

43. á chur i bhfios go láidir go n-éilíonn gach ábhar a ardaítear thuas freagairt iomchuí i scríbhinn ón Leas-Uachtarán / Ardionadaí;

°

° °

44. ag treorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Gach bliain, dréachtaíonn an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha rún maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), mar fhreagairt ar an tuarascáil a thíolaic Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa. Déanann an rún seo meastóireacht ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin CBES agus is cuid lárnach é de rannchuidiú Pharlaimint na hEorpa chun gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhúnlú. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i bhfianaise na gcumhachtaí grinnscrúdaithe neartaithe a deonaíodh do Pharlaimint na hEorpa faoi Chonradh Liospóin.

Cuireann an tuarascáil seo le príomhthosaíochtaí straitéiseacha a threoraíonn treo CBES amach anseo, ag cur treoir shoiléir ar fáil d'fheidhmeannas an Aontais. Leagann sé béim ar sheasamh réamhbhreathnaitheach trí roinnt prionsabal lárnacha a áitíonn an Pharlaimint gur cheart dóibh a bheith mar bhonn taca faoi CBES:

a. Ag múnlú an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosnaímid;

b. Ag cothú comhoibrithe bunaithe ar ár leasanna comhroinnte;

c. Seasaimh dhoshannta a mheasaimid mar sheasaimh dhosháraithe a bhunú;

d. Tionchar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a sholáthraímid a mhéadú.

Tugann an tuarascáil mionléiriú ar gach ceann de na tosaíochtaí seo.